Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 22

# An tSeirbhís Chúirteanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 22, tá dualgas orm, gach bliain, chun an Cuntas Leithreasa don Vóta a réiteach, agus chun an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 maidir le tuarastail agus costais na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus roinnt mionseirbhísí eile nach ndéantar a ghearradh ar an Lárchiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €515,170 faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

**An Ráiteas Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitiúla a dhímheas ar bhonn líne dhíreach thar a saolré ionchais mheasta ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% sa bhliain ar bhonn líne dhíreach.

Déantar foirgnimh Chúirte a luacháil nuair a dhílsítear iad sa tSeirbhís Chúirteanna. Bíonn an luacháil bunaithe ar luachanna margaidh na maoine tráchtála sa cheantar.

**An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo dhualgais eile mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin. Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe imnheánaigh a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras ar a éifeachtacht.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tairmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- tá córais dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Comhlíonann an tSeirbhís Chúirteanna gach treoirlíne ábhartha maidir le soláthar, seachas 10 gconradh ar luach €1.5 milliún. Síneadh na conarthaí seo thar dháta an chonartha bhunúil gan soláthar iomaíoch agus ní bhfuarthas athbhreithniú neamhspleách roimh an gcaiteachas amhail a cheanglaítear faoi Chiorclán 40/2002. Tuairiscíodh sonraí na gconarthaí seo don Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá conarthaí i bhfeidhm anois, nó á gcur i bhfeidhm, le haghaidh seacht gcinn de na hearraí dá dtagraítear thuas. As na triúr earra eile, tá bearta á nglacadh ag an tSeirbhís Chúirteanna go réamhghníomhach lena chinntiú go bhfuil conarthaí i bhfeidhm le haghaidh na seirbhísí seo in 2014.

***An Coiste Iniúchta***

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil Coiste Iniúchta ag an tSeirbhís Chúirteanna. Fochoiste de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna is ea an Coiste. Is é ról an Choiste chun maoirsiú, comhairle agus tacaíocht a sholáthar don Bhord agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Cuntasaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe ar réimse ábhar, lena n-áirítear iomláine na rialuithe inmheánacha airgeadais. Oibrítear an Coiste Iniúchta faoi chairt fhaofa scríofa agus seolann siad tuarascáil bhliantúil ar aghaidh chuig Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Anuas air sin, déanann siad athbhreithniú agus maoirsiú ar an gclár bliantúil oibre Iniúchta Inmheánaigh.

***Iniúchadh Inmheánach***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an tSeirbhís Chúirteanna ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibríonn i gcomhréir leis an gcairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís nochta dóibh faisnéis ar fáil d’obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá a bpleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Brendan Ryan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

31 Márta 2014

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Seirbhís Chúirteanna agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tSeirbhís Chúirteanna. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Soláthar Neamhiomaíoch**

Dírím aird ar an nochtadh sa Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh ar na tosca ina ndearnadh seirbhísí ar luach a sholáthar le linn 2013 gan na treoirlínte soláthair a chomhlíonadh.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

6 Lúnasa 2014

# Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna
# Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna | 104,959 | 104,647 | 107,697 |
| | **Ollchaiteachas** | **104,959** | **104,647** | **107,697** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **46,635** | **46,838** | **48,541** |
| | **Glanchaiteachas** | **58,324** | **57,809** | **59,156** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas na suime a sholáthraítear os cionn na glanshuime a úsáidtear, faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le forghéilleadh | 515,170 | 618,810 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 49,173 | 49,012 | 49,188 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 2,663 | 2,881 | 2,719 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 7,736 | 5,812 | 6,826 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,291 | 2,476 | 2,538 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 4,381 | 6,052 | 5,562 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | 13,572 | 15,601 | 15,926 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 100 | 67 | 192 |
| | | 79,916 | 81,901 | 82,951 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas clár | | 22,746 | 24,746 |
| Pá | | 49,012 | 49,188 |
| Neamhphá | | 32,889 | 33,763 |
| **Ollchaiteachas** | | **104,647** | **107,697** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **46,838** | **48,541** |
| **Glanchaiteachas** | | **57,809** | **59,156** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannach (airgead tirim) | (796) | | |
| Dímheas | 7,538 | | |
| | | 6,742 | 8,253 |
| **Athruithe ar shócmhainní faoi fhorbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (685) | (599) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 827 | | |
| Laghdú ar stoc | 5 | | |
| | | 832 | (1,418) |
| **Caiteachas díreach** | | **64,698** | **65,392** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 39,005 | 41,381 |
| Measchíosanna | | 3,331 | 3,314 |
| **Glanchostas clár** | | **107,034** | **110,087** |

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna measta a leanas i dtaca le Vóta 22 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Vóta:** | | | |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 150 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 7,073 | 6,894 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 1,103 | 1,064 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | m | 177 | 186 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas – Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 737 | 757 |
| An Lárchiste – Tuarastail agus pinsin bhreithiúnacha | m | 29,765 | 32,480 |
| | | 39,005 | 41,381 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | 198,883 | 213,867 |
| **Sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt** | 2.3 | 2,655 | 2,886 |
| | | **201,538** | **216,753** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| An Banc agus airgead tirim | 2.4 | 102 | 1,015 |
| Stoic | 2.5 | 228 | 233 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,861 | 2,845 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,764 | 3,304 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 1,806 | 1,074 |
| **Sócmhainní iomlána reatha** | | **7,761** | **8,471** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 3,214 | 2,855 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 1,384 | 1,461 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.8 | 524 | 628 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **5,122** | **4,944** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **2,639** | **3,527** |
| **Glansócmhainní** | | **204,177** | **220,280** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An Cuntas um Chistiú Stáit** | 2.1 | **204,177** | **220,280** |

| **2.1 An Cuntas um Chistiú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2013 €000** | **2012 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 220,280 | 226,103 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 58,324 | | |
| Barrachas le forghéilleadh | Cuntas | (515) | | |
| Glanvóta | | | 57,809 | 59,156 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 39,005 | 41,381 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 3,331 | 3,314 |
| Earraí neamhairgid eile | | | (9,002) | 413 |
| Aistriú chuig údaráis áitiúla | | | (212) | — |
| Glanchostas clár | 1 | | (107,034) | (110,087) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **204,177** | **220,280** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitiúla

| | Talamh agus foirgnimh[1] | Trealamh TF agus oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2013 | 233,559 | 38,892 | 31,594 | 304,045 |
| Breisiúcháin | 281 | 1,428 | 59 | 1,768 |
| Diúscairtí | — | (38) | — | (38) |
| Aistrithe chuig údaráis áitiúla[2] | (240) | — | — | (240) |
| Coigeartú[3] | (10,537) | — | — | (10,537) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 223,063 | 40,282 | 31,653 | 294,998 |
| **Dímheas carnach** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013 | 27,196 | 36,224 | 26,758 | 90,178 |
| Dímheas don bhliain | 4,465 | 1,646 | 1,427 | 7,538 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (38) | — | (38) |
| Aistriú chuig Údaráis Áitiúla[2] | (28) | — | — | (28) |
| Coigeartú[3] | (1,535) | — | — | (1,535) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2013 | 30,098 | 37,832 | 28,185 | 96,115 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **192,965** | **2,450** | **3,468** | **198,883** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **206,363** | **2,668** | **4,836** | **213,867** |

[1] Foráiltear in Alt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998 d’aistriú an teidil dhlíthiúil maidir le talamh agus foirgnimh áirithe chuig an tSeirbhís Chúirteanna. Go dtí seo, rinneadh 40 foirgneamh cúirte a dhílsiú sa tSeirbhís Chúirteanna agus dílsíodh foirgneamh amháin in 2013. Luachálann Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) na foirgnimh dhílsithe. Luacháil an OOP foirgneamh amháin in 2013. Faoi láthair, tá cuig fhoirgneamh ar feitheamh luachála. In éagmais luachála ón OOP agus sa chás gur athchóiríodh foirgneamh, caipitlítear na foirgnimh siúd ar costas, go dtí an tráth sin a dtugann an OOP faoi luacháil.

[2] Aistríodh each cúirte dílsithe amháin i nDroim Caorthainn, Co Liatroma nach raibh in úsáid a chuig Comhairle Contae Liatroma gan aon mhalartú chistí.

[3] Tagraíonn an coigeartú a rinneadh i gcuntas na bliana 2013 d’athluacháil a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí ar shé theach cúirte dílsithe, eadhon iad siúd san Longfort, i mBiorra, Eochaill, Béal an Átha, Béal Átha hAmhnais agus i gCathair na Mart, a athluacháladh ó €13.5 milliún san iomlán go €2.9 milliún. Bíonn luachálacha Oifig na nOibreacha Poiblí bunaithe ar luach an mhargaidh ar dháta na luachála.

**2.3 Sócmhainní Caipitiúla faoi Fhorbairt**
amhail an 31 Nollaig 2013

| | Tionscadail tógála | Feidhmiúcháin ríomhairí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Suimeanna a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir | 2,181 | 705 | 2,886 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 52 | 633 | 685 |
| Arna aistriú chuig an gClár Sócmhainní | — | (916) | (916) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013 | 2,233 | 422 | 2,655 |

**2.4 An Banc agus Airgead Tirim**
amhail an 31 Nollaig

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead PMG | 102 | 1,094 |
| Orduithe nár íocadh astu | — | (79) |
| | 102 | 1,015 |

**2.5 Stoic**
amhail an 31 Nollaig

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 171 | 190 |
| Tomhaltáin | 38 | 40 |
| Ilghnéitheach | 19 | 3 |
| | 228 | 233 |

**2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile**
amhail an 31 Nollaig

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí leis an OOP | 919 | 810 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 737 | 2 |
| Aisghabháil tuarastal | 98 | 97 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 44 | 146 |
| Óinchistí | 8 | 19 |
| | 1,806 | 1,074 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Méideanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 715 | 782 |
| Seirbhísí Gairmiúla a Shiarchoinneáil Cáin | 43 | 44 |
| Cáin Bhreisluacha | 31 | 29 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta Fíneálacha | 271 | 271 |
| | 1,060 | 1,126 |
| Asbhaintí párolla a coimeádadh ar fionraí | 322 | 326 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 2 | 9 |
| | 1,384 | 1,461 |

| **2.8 Glandliteanas leis an Státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le forghéilleadh | 515 | 619 |
| Rótharraingt ar dheontas an Státchiste | 9 | 9 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 524 | 628 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| An Banc agus airgead tirim | 102 | 1,015 |
| Iarmhéideanna dochair: Fionraí | 1,806 | 1,074 |
| | 1,908 | 2,089 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,060) | (1,126) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: Fionraí | (324) | (335) |
| | (1,384) | (1,461) |
| | | |
| | 524 | 628 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | 41,077 | 53,229 |

**(b) Ceangaltais Chaipitiúla Ilbhliantúla**

| | **Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2012** | **Caiteachas in 2013** | **Blianta dá éis sin** | **Iomlán 2013** | **Iomlán 2012** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Athchóiriú tithe cúirte | 8,717 | 1,380 | 14,903 | 25,000 | 44,057 |

Baineadh ceithre cinn de na tionscadail a bhí san áireamh i bhfigiúr na dtiomantas do 2012 den liosta in 2013. San áireamh orthu siúd bhí tionscadail i Muineachán, Guaire agus Baile Bhlainséir a bhí críochnaithe cuid mhaith agus caipitlithe agus teach cúirte Loch Garman atá san áireamh sna sócmhainní caipitil atá á bhforbairt.

**(c) Costas caipitiúil an Tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | **Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2012** | **Caiteachas in 2013** | **Ceangaltais atá infhorfheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta dá éis sin** | **Iomlán 2013** | **Iomlán 2012** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ainm an Tionscadail PPP** | | | | | |
| Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla | 29,184 | 3,982 | 143,931 | 177,097 | 177,097 |

## 2.10 Dliteanais Aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe neamhscaoilte ag deireadh na bliana (2012-neamhní).

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Na Cúirteanna a bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 49,173 | 49,012 | 49,188 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 30,743 | 32,889 | 33,763 |
| A.3 | Tithe Cúirte (oibreacha caipitiúla) | 3,880 | 2,506 | 2,309 |
| A.4 | Costais PPP | 21,163 | 20,240 | 22,437 |
| | | **104,959** | **104,647** | **107,697** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €312,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh** €000 | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | (2,146) | D'eascair an farasbarr go príomha de bharr caiteachas a bhí riachtanach chun tacú le tabhairt isteach na reachtaíochta nua .i. an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 agus an tAcht Fíneálacha, 2010 chomh maith le hathchur bhonneagar an ríomhchórais um Éilimh Bheaga agus é a thabhairt cothrom le dáta sa chaoi go ndearnadh róchaiteachas €1.7 milliún maidir le trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha. Ar na tosca eile bhí caiteachas neamhroghnach maidir le cothabháil tí cúirte agus méadú ar chostais fóntais sa chaoi go ndearnadh róchaiteachas de €2 mhilliún ar chostais áitreabh oifige. Rinneadh an róchaitheamh sin a fhritháireamh go páirteach trí choigiltis €1.9 milliún a baineadh amach i gcaiteachas teagmhasach, go príomha mar gheall ar choigiltis a d'eascair as conradh nua maidir le seirbhísí ateangaireachta agus as éifeachtúlacht a baineadh amach maidir le Taifeadadh Digiteach Fuaime. |
| Tithe Cúirte (oibreacha caipitiúla) | 1,374 | Tharla an ganncháiteachas den chuid is mó toisc go rabhamar ag braith ar Oifig na nOibreacha Poiblí chun tús a chur le hoibreacha ar roinnt tithe cúirte in 2013. Chomh maith leis sin, cuireadh moill ar thosú oibreacha ullmhúcháin maidir leis na Tionscnaimh CPP. |
| Costais PPP | 923 | Cé go bhfuil na costais CPP réasúnta seasta agus faoi réir innéacsaithe tá roinnt forálacha conarthacha ann, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hárachas agus le neamh-infhaighteacht, chomh maith le costais a eascraíonn as athruithe conartha a théann i bhfeidhm ar íocaíochtaí muirear iarbhír aonadacha. Sábháladh €566,000 in 2013 mar gheall ar lacáiste árachais. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí i gcabhair**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Táillí | 42,493 | 42,165 | 43,720 |
| 2 | Ilghnéitheach | 1,542 | 1,809 | 1,892 |
| 3 | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 2,600 | 2,864 | 2,929 |
| | **Iomlán** | 46,635 | 46,838 | 48,541 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

| Fotheideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (267) | Tá an méadú mar gheall ar fháltais €230,000 a fuarthas ón OOP maidir le hathchistiú cistí neamhúsáidte i gcuntais fionraí caipitil leagáide. |
| Fáltais ó asbhaint phinseanbhaintea ch ar luach saothair na seirbhíse poiblí | (264) | D'eascair an barrachas mar gheall ar an deacracht ghinearálta chun tuar cruinn a dhéanamh ar ghluaiseacht foirne, lena n-áirítear scoir aoisbhainteacha, luathscoir, agus earcú foirne chun líon de na folúntais seo a líonadh. |

**4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste**

| | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Fíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre[1] | 8,000 | 6,807 | 7,626 |
| Fíneálacha eile[2] | 3,960 | 4,879 | 4,144 |
| Fáltais eile[3] | — | 88 | 33 |
| | 11,960 | 11,774 | 11,803 |

[1] Braitheann na fáltais ó fhíneálacha ar líon na bhfíneálacha a ghearrtar, agus tá laghdú foriomlán 8,746 nó 9% tagtha orthu in 2013 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

[2] Tharla an t-ardú maidir le fíneálacha eile go príomha mar gheall ar obair a rinne an tSeirbhís Chúirteanna chun cuntais na Cúirte Cuarda a lárú, sa chaoi gur aistríodh airgid leagáidí don Státchiste in 2013.

[3] Tá cistí ag Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Dlí agus Cirt ó Chuntas Leachtaithe na gCuideachtaí le haghaidh seacht mbliana sula n-íoctar iad leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2013 le cistí a cuireadh i dtaisce in 2005.

**4.3 Fíneálacha agus táillí a bailíodh thar ceann Ranna eile**

Rinneadh íocaíochtaí díreacha leis na ranna a leanas maidir le fíneálacha a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann in 2013.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | | |
| Fíneálacha na gCoimisinéirí Ioncaim[1] | 1,761 | 2,175 |
| Dleacht Mháil[2] | 5,500 | 4,900 |
| An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | 97 | 36 |
| An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | 210 | 196 |
| | 7,568 | 7,307 |

[1] Baineann an t-airgead a bailíodh le fíneálacha cúirte a gearradh nuair ab iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir.

[2] Baineann an t-airgead a bailíodh le táillí ar iarratais áirithe ar cheadúnaithe mar shíntí a chur le huaireanta oscailte agus orduithe um dhíolúine speisialta a dtugann an tSeirbhís Chúirteanna admhálacha fúthu thar cheann na gCoimisinéirí Ioncaim.

# 5 Líonta agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne amhail dheireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 927 | 945 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 45,133 | 45,129 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 27 | 30 |
| Liúntais eile | 1,035 | 1,124 |
| Ragobair | 289 | 403 |
| ÁSPC Fostóra | 2,528 | 2,502 |
| **Pá Iomlán** | **49,012** | **49,188** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair 2013 | Íocaíocht uasta aonair 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 13 | — | 5,275 | 7,574 |
| Liúntais eile | 289 | 14 | 19,585 | 20,091 |
| Ragobair | 152 | 6 | 22,108 | 25,390 |

Fuair roinnt daoine luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Íocadh €27,317, ar an iomlán, in 2013 le trí státseirbhíseach ar scor a raibh pinsean státseirbhíse á fháil acu a bhí fostaithe ar feadh tréimhse ghearr le linn 2012 agus 2013. Is éard atá sa tsuim seo suim €14,974 sa phárolla agus suim €12,343 i dtaisteal agus cothabháil. Cuireadh an riail um lacáiste pinsin i bhfeidhm sna cásanna sin.

**5.3 Costais Fhorchúitithe**

Forchúitíodh costais tuarastail €552,460 ó Bhinsí agus Ranna Rialtais maidir leis an bhfoireann a bhí ar iasacht.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus Costais Dlí Tríú Páirtithe

B'fhiú €177,422 na híocaíochtaí iomlána a rinneadh maidir le costais dlí tríú páirtithe. San áireamh sna costais sin bhí costais a bhain le himeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a raibh an tSeirbhís Chúirteanna ina páirtí sna himeachtaí agus €103,368 a íocadh maidir le gníomhartha ar dhéileáil an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát leo.

**Costais Dlí**

Mar seo a leanas a bhí na costais dlí a íocadh sa bhliain:

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costais dlí tríú páirtithe | 177 | 308 |
| Costais chúitimh | 23 | — |
| | **200** | **308** |